Foghlaim TG4

**Ainm:** ______________________________ **Rang:**__________________

1. Cén cúige ina bhfuil Ard Mhacha? Ciorclaigh le do thoil

Uladh

Connacht

Laighean

Mumhan

2. Ciorclaigh contae Ard Mhacha ar an léarscáil thíos.



3. Cé acu grúpa contaetha a bhfuil teorainn acu le hArd Mhacha

Cuir tic le do thoil

| | |
|---|---|
| An Dún, Fear Manach, Tír Eoghain, Doire, Muineachán | ☐ |
| Baile Átha Cliath, an Dún, Tír Eoghain, Doire, Lú | ☐ |
| Aontroim, An Dún, Tír Eoghain, Muineachán, Lú | ☐ |
| Muineachán, Lú, Tír Eoghain, An Dún, Fear Manach | ☐ |

4. Cén t-ainm atá ar an phointe is airde in Ard Mhacha agus cé chomh hard is atá sé?

___________________________________________________________

5. Meaitseáil na boscaí

| | |
|---|---|
| Cad é leasainm an chontae? | An Lorgain |
| Cad iad dathanna an chontae? | Cathair Ard Mhacha |
| An Pháirc uirbeach is mó | Oráiste agus Bán |
| Cad é príomhbhaile Ard Mhacha? | Úllord |

6. Cad é mana an chontae? Cuir líne faoin fhreagra ceart

Comhoibriú

Dílis dár n-oidhreacht

Cuan sábháilte do longa

Tagann cuidiú ón tiarna

7. Ainmnigh ceann scríbe turasóireachta coitianta i dTóin re Gaoith, Ard Mhacha?

_______________________________________________

**Ceisteanna Dúshláin:**

8. **Cad iad na hAibhneacha Móra a ainmníodh san fhíseán?**

---

9. **Cén t-ainm atá ar an dá Ardeaglais in Ard Mhacha?**

---

10. **Cad é atá ag barr Shliabh gCuillinn?**

---

**Tasc Tuisceana:**

Bhí Fionn Mac Cumhaill agus a chairde ag cóisir iontach i dteach Rí Conchur in Eamhain Macha.

Chrom na boird fhada adhmaid faoin fheoil rósta, an t-arán órga agus na cruiscíní beoracha meala, a d'fhág boladh láidir sa halla.

Buaileadh cnag ar an doras. Ar fhoscailt an dorais chonaic Conchur seanfhear, ar crith le fuacht.

Clóca tanaí, tais a bhí air, agus chruthaigh a anáil scamaill éadroime a d'éalaigh san aer

'Gabh mo leithscéal, rugadh sa sneachta mé. An féidir liom téadh ag do thine. Ní mó na sásta a bhí sé gur nocht strainséir ach chuir sé fáilte roimhe.

Bhí an-súil ag Conchur le siamsa na n-aíonna. Sheas Fionn Mac Cumhaill an draíodóir agus rinne sé cleasanna iontacha.

Chuir sé na lasracha ag damhsa cosúil le nathracha órga agus chaith sé boinn airgid a d'imigh ina cheo, ag fagáil iontas agus na trithí gáire ina dhiaidh.

Sheas aoi agus d''inis seisean scéal.

D'onc Rí Conchur ar an strainséir. "Bhuel, 'bhfuil siamsa agat dúinn.

D'onc seisean orthu. 'Níor mhian liom olc a chur oraibh ach níl mise maith os comhair

scaifte.'

'An ndéanfá a bheag den tseanghnás, gan siamsa a dhéanamh.' Arsa Conchur go feargach.

B'fhuath le Fionn duine ar bith á náiriú mar seo", agus dúirt. 'Maith dó é agus dhéanfaidh mise socrú leat. Rachaidh muidne amach agus i gcionn trí seachtaine tiocfaidh muid ar ais agus an cheoltóir is fearr ar domhan linn.

D'aontaigh Conchur.

D'éirigh Fionn ar maidin. 'Cá háit a gheobhas mé an ceoltóir is fearr ar domhan?

Bhí an draoi Taoscán ag Cnoc na Teamhrach, an duine is cliste ar domhan.

D'ardaigh an cnoc cosúil le tonn ghlas os cionn na talún, faoi choróin le clocha ársa a chogarnaigh rúin don ghaoth.

Chuaigh Fionn chuige.

'Tá freagair na ceiste i do phóca.' Arsa Taoscán. Chuir Taoscán biorán ina phóca go rúnda. Chuir Fionn a lámh ina phóca, phrioc sé é féin. Tharraing sé a lámh agus shúigh sé an fhuil dá mhéar.

Agus Fionn óg mharaigh sé agus d'ith sé an Bradán Feasa a thug achan eolas dó. Nuair a bhlais sé an fhuil fuair sé an t-eolas go raibh an ceoltóir is fearr ar domhan, an lon dubh, san Ioruaidh.

Shroich Fionn agus na Fianna an Ioruaidh gan fios aige cá raibh an lon Dubh. D'iarr sé ar an gcéad duine ar bhuail sé leis.

'Cá bhfuil an Lon Dubh?'

'Caithfidh tú gabháil an bealach sin.'

Shiúil siad tamall gan teacht ar an éan.

'A sin duine eile. A chara. Cá bhfaighinn an Lon Dubh?'

'An bealach sin.' Ag aimsiú a mhéar an bealach eile.

Bhí Fionn fríd a chéile. Ach ansin, chuala siad an ceol ba bhinne a chuala siad ariamh.

Bhí sé ar foluain i measc na gcrann mar a bheadh snáithe airgid, bog agus soiléir, gach nóta ag bualadh cosúil le drúcht ar fhéar na maidine.

Bhí an lon dubh thuas sa chrann.

D'aontaigh an lon dubh teacht ar ais go hÉirinn le ceol a dhéanamh in Eamhain Macha. Agus sin mar a chéad-tháinig an lon dubh go hÉirinn.

1. Cén tír ar thaistil Fionn agus na Fianna chuici as a rug siad leo an lon dubh?

_______________________________________________________________

2. Cá bhfuil cónaí ar an draoi Taoscán sa scéal agus cad a shíleann Fionn faoi?

_______________________________________________________________

3. Cén dóigh a léiríonn Fionn ceannaireacht sa scéal seo?

_______________________________________________________________

4. Cén fáth a mbeadh an strainséir a neirbhíseach faoi bheith ag seinm os comhair daoine eile?

_______________________________________________________________

5. D'fhreagair an fear, "Níl mé ag iarraidh *tú a mhaslú*, ach ní fiú mé os comhair slua."

Cad é a chiallaíonn *tú a mhaslú* san abairt thuas, dar leat?

_______________________________________________________________

6. Cad é an sean-nós a chuir fearg ar an Rí Conchur?

_______________________________________________________________

Foghlaim TG4

**Tasc Taighde**

1. Bunaithe ar an tréimhse ama, cén Bhanríon is dóichí ar bhuail an Máistir McGrath léi? **Cén contae nach bhfuil ceangailte le hArd Mhacha ach trí uisce?**

______________________________________________

2. **Cén contae a roinneann Ard Mhacha Cathair an Iúir leis?**

______________________________________________

**Gramadach**

**Sprioc Litearthachta**

| | |
|---|---|
| Sprioc: | Íomhánna |
| Brí: | Gléas fileata a úsáideann teanga thuairisciúil chun pictiúir a chruthú in intinn an léitheora, go minic ag baint úsáide as na cúig céadfaí. |
| Sampla 1 | Thit an ghrian órga taobh thiar de na cnoic. (Radharc) |
| Sampla 2 | Líon boladh an aráin úir an t-aer. (Boladh) |
| Sampla 3 | Bhí a guth chomh bog le sneachta ag titim. (Fuaim) |

Scríobh sampla amháin nó níos mó de do chuid féin ag baint úsáide as Íomhánna

1. ______________________________________________
2. ______________________________________________
3. ______________________________________________

An féidir leat do scéal nó dán féin a scríobh ag baint úsáide as íomhánna.

Leid: má scríobhann tú dán, bain úsáid as thart ar cheithre líne in aghaidh an véarsa.


Bain triail as ceann de na roghanna seo a leanas.

Rogha 1: leanúint den scéal le Fionn agus na Fianna ag taisteal ar ais go hÉirinn agus tagann siad i mbaol ar na farraigí.

Rogha 2 Fionn agus na Fianna ag fáil amach go ndearna an seanfhear dallamullóg orthu imeacht ionas go bhféadfadh sé an Rí Conchur a ghabháil agus seilbh a ghlacadh. Caithfidh siad troid chun an Rí a shaoradh.

Rogha 3 Is foireann spóirt nua-aimseartha iad Fionn agus na Fianna a ghlacann páirt i spórt nó i gcomórtas de do rogha féin.

Rogha 4 Do smaoineamh cruthaitheach féin. B'fhéidir go raibh orthu canadh don rí mar bhanna ceoil toisc gur eitil an t-éan amach nó gur chaill an tÉan Dubh a ghuth amhránaíochta agus b'éigean dóibh é a chothú chun bisigh.




Foghlaim TG4

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |